



An Bhruiséil, 8 Samhain 2024
(OR. en)

14826/24

SPORT 73

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An ról atá ag na príomhghnéithe de Shamhail Eorpach Spóirt - <i>Díospóireacht bheartais</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, mar threoir don díospóireacht bheartais a thionólfar ag cruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, an 25 agus an 26 Samhain 2024.

Díospóireacht bheartais
maidir leis an ról atá ag na príomhghnéithe de Shamhail Eorpach Spóirt

Aithnítear sa Rún ón gComhairle maidir leis na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt¹ (Rún 2021 ón gComhairle) go bhfuil eagrú an spóirt san Eoraip bunaithe ar an gceart bunúsach chun saoirse comhlachais agus ar luachanna, cuir i gcás dlúthpháirtíocht idir leibhéil éagsúla sa spórt, go háirithe idir spórt gairmiúil agus spórt ar leibhéal an phobail, ar chothroime, an t-ionracas, oscailteacht, comhionannas inscne agus dea-rialachas. Aithnítear freisin i Rún 2021 ón gComhairle go léiríonn na príomhghnéithe i gcás formhór den spórt eagraithe san Eoraip atá bunaithe ar luachanna eagrú an spóirt ar bhonn neamhspleách, daonlathach agus críochach a bhfuil struchtúr pirimidiúil aige, lena gcuimsítear gach leibhéal spóirt ó spórt an phobail go dtí an spórt gairmiúil, le comórtais foirne ag leibhéal an chlub go dtí an leibhéal náisiúnta araon agus lena n-áirítear sásraí chun dlúthpháirtíocht airgeadais, cothroime agus oscailteacht i gcomórtais a áirithiú, mar shampla prionsabal an ardaithe céime agus an íslithe céime. De ghnáth, déantar spórt eagraithe san Eoraip atá bunaithe ar luachanna a struchtúru ar bhonn náisiúnta agus, i bprionsabal, bíonn cónaidhm dá cuid féin ag gach spórt faoina ndéantar an spórt sin a riaradh, rud a fhágann gur féidir cur chuige cuimsitheach a bheith ann maidir le rialacha, rialacháin agus caighdeáin chomh maith le féilirí comórtais agus cáilíochtaí i gcomhair comórtais a urramú. Tá na heagraíochtaí sin tiomanta don dlúthpháirtíocht airgeadais idir spórt gairmiúil agus spórt an phobail agus do na leibhéil is airde dea-rialachais, cearta bunúsacha agus cearta an duine, meabhairshláinte agus sláinte choirp agus do shábháilteacht na lúthchleasaithe, d'aon chineál idirdhealaithe a chosc agus do shláine an spóirt a chur chun cinn.

¹ Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt IO C 501, 13.12.2021.

Dá bhrí sin, i Rún 2021 ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an ngluaiseacht spóirt tacú leis na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt, mar shampla saoirse comhlachais, struchtúr pirimidiúil, córas oscailte maidir le hardú céime agus íslíú céime, cur chuige agus dlúthpháirtíocht an phobail, ról san fhéiniúlacht náisiúnta, tógáil pobal agus struchtúir atá bunaithe ar ghníomhaíocht dheonach chomh maith lena feidhmeanna sóisialta, oideachais, cultúrtha agus sláinte, i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí an Aontais. Iarrtar ann freisin ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an ngluaiseacht spóirt féachaint arís ar na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt agus leanúint den phlé orthu le páirtithe leasmhara uile an spóirt.

D’aithin Parlaimint na hEorpa freisin a thábhachtaí atá samhail Eorpach spóirt a bheadh bunaithe ar luachanna, gníomhaíochtaí deonacha agus dlúthpháirtíocht i rún uaithi an 23 Samhain 2021 maidir le beartas spóirt an Aontais². D’aithin sí freisin éagsúlacht na gcur chuige ar fud réimse an spóirt agus ó thír go chéile agus mheas sí go gcaithfear bunchloch chomhchoiteann an spóirt san Eoraip a fheabhsú agus a chosaint a thuilleadh, go háirithe na naisc idir spóirt ar leibhéal an phobail agus an scothspóirt. I ndáil leis an méid sin, d’iarr sí go mbeadh samhail Eorpach spóirt ann lena n-aithneofaí an gá atá le tiomantas láidir do phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na hinbhuanaitheachta, na cuimsitheachta do chách, na hiomaíochta oscailte, an fhiúntais spóirt agus na cothroime a chomhtháthú.

² Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2021 maidir le Beartas Spóirt AE: measúnú agus na bealaí chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ann (2021/2058(INI)), IO C 224, 8.6.2022, lgh 2–10.

Sa staidéar ar an tsamhail Eorpach spóirt – Tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach³, mí Aibreáin 2022, rinneadh ábharthacht leanúnach na bpríomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt a mheas, i.e. struchtúr na pirimide, iomaíocht oscailte, dlúthpháirtíocht, neamhspleáchas, obair dheonach agus ról luachanna na hEorpa. Scrúdaíodh sa staidéar freisin an tionchar a bhíonn ag roinnt treochtaí móra ar fhorbairt na Samhla Eorpaí Spóirt, mar shampla idirnáisiúnú agus tráchtálú, athdháileadh ioncaim ón scothspóirt go spóirt an phobail, struchtúir iomaíochta dúnta a d'fhéadfadh a bheith ann, tábhacht mhéadaitheach an dea-rialachais, treochtaí oibre deonaí, nósanna spóirt agus roinnt príomhthreochtaí eile. Luaitear roinnt bearnaí sa staidéar freisin, mar shampla maidir le raon feidhme na Samhla Eorpaí Spóirt, an nasc atá aici le luachanna Eorpacha agus an gá atá le treoirlínte níos soiléire i dtreo sásraí athdháilte agus dlúthpháirtíochta.

Tá tionchar freisin ag breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí, a foilsíodh an 21 Nollaig 2023⁴ agus an 4 Deireadh Fómhair 2024⁵, ar an bplé leanúnach faoi na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt. I bhfianaise an mhéid sin, i mí Feabhra 2024, d'eisigh 26 airí spóirt an Aontais dearbhú inar mheabhraigh siad a thábhachtaí atá sé spóirt atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus luachanna a chosaint agus a neartú i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle maidir leis na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt⁶. Sa dearbhú, d'iarr na hairí, i measc daoine eile, go ndéanfaí na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt a neartú a thuilleadh mar fhís agus creat an Aontais do thodhchaí fhadtéarmach spóirt na hEorpa agus d'iarr siad ar an gCoimisiún a mheas a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun Rún 2021 ón gComhairle a shaothrú maidir le hoscailteacht comórtas, fiúntas spóirt, an t-ionracas, an dlúthpháirtíocht agus luachanna spóirt a chosaint.

³ An Coimisiún Eorpach, Sennett, J., Le Gall, A., Kelly, G. et al., *Study on the European Sport Model – A report to the European Commission* [Staidéar ar an tsamhail Eorpach spóirt – Tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

⁴ 1: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *Iarraidh ar réamhrialú sna himeachtaí European Superleague Company SL v Fédération internationale de football association (FIFA)*, Union of European Football Associations (UEFA), C-333/21, Breithiúnas an 21 Nollaig 2023;
2: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *International Skating Union v an Coimisiún Eorpach*, C-124/21 P, Breithiúnas an 21 Nollaig 2023;
3: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *Iarraidh ar réamhrialú sna himeachtaí SA Royal Antwerp Football Club v Union royale belge des sociétés de football association ASBL (URBSFA)*, C-680/21, Breithiúnas an 21 Nollaig 2023

⁵ Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *Iarraidh ar réamhrialú sna himeachtaí Fédération internationale de football association (FIFA) v. BZ*, C-650/22, Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024.

⁶ <https://www.sports.gouv.fr/dearbhú-des-ministres-des-sports-europeens-pour-un-modele-sportif-base-sur-la-solidarite-le>

Ceann de phríomhchuspóirí Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2024-2027) is ea tacú leis an bplé leanúnach ar phríomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt, é a fhiosrú a thuilleadh agus leanúint den phlé sin⁷. I bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach Doiciméad straitéiseach fadtéarmach nua a fhorbairt maidir lena bhfuil i ndán do bheartas spóirt an Aontais, lena n-áirítear maidir leis na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt a chur chun cinn agus maidir le spórt a phríomhshruthú i mbeartais eile de chuid an Aontais, faoi dheireadh 2026. Tá sé beartaithe freisin i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt staidéar a dhéanamh ar na forbairtí, na bagairtí agus na deiseanna a bheidh ann sa todhchaí a mbeidh tionchar acu ar an tsamhail Eorpach spóirt.

I bhfianaise an mhéid thuas, is tráthúil an deis a bheith ag airí spóirt an Aontais a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na forbairtí is déanaí agus na peirspictíochtaí a bheidh ann sa todhchaí i ndáil le príomhghnéithe na Samhla Eorpaí Spóirt, i gcomhthéacs bheartas spóirt an Aontais sa todhchaí.

CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT

1. Cad iad na príomhghnéithe de Shamhail Spóirt Eorpach ar cheart a neartú a thuilleadh, dar libh, chun luachanna an spóirt san Eoraip a chaomhnú agus conas ba cheart é sin a dhéanamh? Conas is fearr, dar libh, a thacódh an obair amach anseo, a bheartaítear i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2024-2027, leis an gcuspóir sin, agus ag féachaint freisin don doiciméad straitéiseach fadtéarmach atá ar na bacáin maidir le todhchaí bheartas spóirt an Aontais agus don staidéar atá beartaithe?
2. Cad iad na modhanna agus na gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais a thabharfadh spreagadh don ngluaiseacht spóirt chun an nasc idir spórt gairmiúil agus spórt an phobail a neartú, lena n-áirítear sásraí dlúthpháirtíochta airgeadais?

⁷ Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Iúil 2024 - an 31 Nollaig 2027), IO C, C/2024/3527, 3.6.2024.